GLAO AR IARRATAIS FAOIN TSAORÁID UM CHÓNASCADH NA HEORPA I RÉIMSE NA NGRÉASÁN TEILEACHUMARSÁIDE TRAS-EORPACH

An nascacht idirlín a chur chun cinn i bpobail áitiúla: WiFi4EU (WiFi4EU-2018-1)

1. CÚLRA AGUS RÉASÚNAÍOCHT

Tá sainmhíniú ar an gcomhthéacs ginearálta a ghabhann leis an nglao seo i ranna 2.3.2 agus 4 den leagan leasaithe de Chlár Oibre Teileachumarsáide CEF 2017[1] agus Clár Oibre Teileachumarsáide CEF 2018[2] faoi mar a foilsíodh é ar leathanach WiFi4EU ar shuíomh gréasáin INEA.[3] I roinn 4.1.1 de Chlár Oibre leasaithe 2017 agus Clár Oibre leasaithe 2018, tá sainmhíniú ar chúlra agus ar réasúnaíocht an ghlao seo ar iarratais.

Chun críche an ghlao seo, ceadófar deontas simplithe i bhfoirm cnapshuime ("dearbhán").

2. TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ

2.1 Na torthaí a bhfuil tosaíocht acu

I roinn 4.1.2 de Chlár Oibre leasaithe 2017 agus Clár Oibre leasaithe 2018, tá sainmhíniú ar thorthaí tosaíochta an ghlao seo ar iarratais.

Is éard atá sa tionscnamh WiFi4EU scéim tacaíochta arb é is aidhm di rochtain idirlín ar ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir na háite agus do chuairteoirí sna hionaid ina mbíonn saol poiblí na háite á chaitheamh.

An nascacht idirlín áitiúil gan sreang, í saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha léi, táthar ag súil go laghdófar an deighilt dhigiteach dá bharr, go

[1] Clár Oibre Leasaithe Teileachumarsáide CEF 2017 – Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2017) 7732 ón gCoimisiún. Féach freisin Rialachán (AE) 2017/1953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 maidir le nascacht idirlín a chur chun cinn i bpobail áitiúla (Téacs atá ábhartha maidir le LEE): https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:32017R1953

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2018)568 ón gCoimisiún

[3] https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-telecom/wifi4eu

háirithe i bpobail atá ar gcúl sa litearthacht dhigiteach, ceantair tuaithe agus áiteanna iargúlta san áireamh.

Ina cheann sin, ba cheart di feabhas a chur ar rochtain seirbhísí ar líne a chuireann leis an gcaighdeán saoil sna pobail áitiúla, rochtain seirbhísí a thabhairt chun éascaíochta, an ríomhshláinte agus an ríomhrialtas cuir i gcás; cruthú na dtairiscintí sa chuimsiú digiteach a cheadú, agus forbairt na bhfiontar beag agus meánmhéide a chur chun cinn nuair is i mbun nuálaíochta sna táirgí agus sna seirbhísí digiteacha atá na fiontair sin.

2.2 NA TORTHAÍ A MHEASTAR A BHEIDH AR AN GCÚNAMH AIRGEADAIS

I roinn 4.1.2 de Chlár Oibre leasaithe 2017 agus Clár Oibre leasaithe 2018, tá sainmhíniú ar thorthaí tosaíochta an ghlao seo ar iarratais. 2,800 éigin dearbhán an líon táscach dearbhán a mheastar a bhronnfar faoin nglao seo.

3. CLÁR AMA

Tús an ghlao ar iarratais	7 Samhain 2018 (13:00:00 CET)
Dúnadh an ghlao ar iarratais	9 Samhain 2018 (17:00:00 CET)
Iarratais a mheas	Samhain 2018 (gardháta)
Comhairliúchán Choiste CEF	Samhain 2018 (gardháta)
Glacadh an Chinnidh Roghnúcháin	Nollaig 2018 (gardháta)
Comhaontuithe deontais a ullmhú agus a shíniú	Nollaig 2018 (gardháta)

4. BUISÉAD

€42 mhilliún an tsuim tháscach atá le dáileadh ar bhonn an ghlao seo ar iarratais don tionscnamh WiFi4EU. Is fiú €15,000 gach dearbhán atá le dáileadh, agus is ina chnapshuim a dháilfear é.

5. NA CEANGLAIS IONTRÁLA

Tá ceithre cheanglas iontrála ann, mar atá:

1. Ní féidir iarratas **a chur isteach ach go leictreonach** ar an tairseach WiFi4EU.[4]

2. Ní mór **cuntas EULogin**[5] a úsáid le hiarratas a chur isteach, is é sin **cuntas atá nasctha le clárú an bhardais**.

[4] https://www.wifi4eu.eu/#/home
[5] Tá breis eolais ann faoin mbealach le EULogin a fháil ach féachaint ar https://webgate.ec.europa.eu/cas

3. Ní mór do gach iarratas a bheith **iomlán**, i.e. ní mór an dá dhoiciméad tacaíochta seo a leanas a bheith faoi iamh leis – ní mór iad a bheith inléite – agus iad uaslódáilte ar an Tairseach WiFi4EU:

1. An fhoirm "cruthúnas ar an gcomhaontú maidir le hiarratas a dhéanamh" don ionadaí dlíthiúil (i.e. an méara/an ceann bardais) (agus cóip de chárta aitheantais/pas)[6]
2. Cóip d'acht ceapacháin an ionadaí dhlíthiúil

4. Ní mór na hiarratais **a chur isteach tar éis oscailt an ghlao agus faoin sprioc-am a luaitear** i roinn 3 thuas.

Ní ghlacfaidh Tairseach WiFi4EU le hiarratas ar bith mura ndéantar an dá dhoiciméad tacaíochta atá liostaithe thuas a uaslódáil ar an Tairseach.

Ní bheidh glacadh le hiarratas nó le cuid d'iarratas a chuirfear isteach le ríomhphost ná ar pháipéar.

Ní féidir le tairbhí ar leith ach dearbhán amháin a fháil le linn thréimhse iomlán an tionscnaimh.

6. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

6.1 Iarratasóirí incháilithe

I gcomhréir leis an gClár Oibre leasaithe 2017 agus an Clár Oibre leasaithe 2018, ní féidir ach le bardas, nó le comhlachas de bhardais éagsúla thar ceann baill dá chuid atá bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach, san Íoslainn nó san Iorua, iarratas a chur isteach.[7] Ní mór na hiarrthóirí a chur ar liosta [8]na mbardas incháilithe agus chomhlachais na mbardas incháilithe faoi mar a socraíodh ar dháta seolta an ghlao.[9]

NB: Féadfaidh comhlachas bardas iarratas a dhéanamh thar ceann baill dá chuid, is é sin bardas amháin nó bardais éagsúla. Ní fhéadfaidh comhlachas bardas a bheith ina thairbhí dearbhán áfach. Ní fhéadfaidh ach bardais aonair tairbhe a fháil ar dhearbhán.

[6] Tá an fhoirm sin ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-telecom/wifi4eu

[7] I gcomhréir le roinn 5.3.1 den Chlár Oibre leasaithe 2017, tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar baill den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) iad, féadfaidh siad páirt a ghlacadh sa ghlao ar iarratais, fiú nuair nach luaitear go sainráite iad i dtéacs an Chláir Oibre, agus beidh na cearta, na dualgais, agus na ceanglais chéanna i gceist do na tíortha sin agus atá do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

[8] Féach: https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/list-eligible-entities-wifi4eus-first-call

[9] In Airteagal 9(1a) de Rialachán CEF (Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE) (http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32013R1316), tugtar le fios go ngéilleann an Ballstát atá i gceist don rangabháil ar na tairbhithe (bardais nó comhlachais de bhardais éagsúla) a leagtar síos i roinn 5.4 de Chlár Oibre leasaithe 2017, sin nó chuir sé a mhalairt in iúl don Choimisiún, agus gur ar mhaithe leis an ualach riaracháin a laghdú agus leis an ngá le comhaontú faoi gach iarratasóir a sheachaint a ghéill sé don rangabháil sin.

D'iarrthóirí de chuid an Ríochta Aontaithe: Féach nach mór na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh ar feadh thréimhse *iomlán* an deontais. Má fhágann an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach i rith thréimhse an deontais gan comhaontú leis an Aontas Eorpach a thabhairt i gcrích lena gcinnteofaí, go háirithe, nach dtiocfadh deireadh le hincháilitheacht na n-iarratasóirí Briotanacha, cuirfear deireadh leis an maoiniú atá na hiarratasóirí sin a fháil ón Aontas Eorpach (cé go mbeidh siad páirteach fós, sa chás gur féidir sin), nó cuirfear faoi ndeara do na hiarratasóirí sin scor den tionscadal ar bhonn Airteagal II.16.3.1 (a) *(athrú ar stádas dlíthiúil an tairbhí)* den Chomhaontú Deontais.[10]

6.2 Gníomhaíochtaí incháilithe

Is cuspóir de chuid thionscnamh WiFi4EU tacaíocht a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí dá leithéidí seo:

(1) gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag bardais arb éigean dóibh pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar shuiteáil pointí rochtana idirlín i spásanna poiblí faoi dhíon agus lasmuigh, agus is gá dóibh gealltanas a thabhairt i leith:

a) an líonra/na líonraí WiFi4EU a choinneáil ag lánfheidhmiú ar feadh tréimhse trí bliana, tréimhse dar tús an fógra dearbhaithe ón nGníomhaireacht a bhfuil cur síos uirthi in Airteagal 4.2 den Chomhaontú Deontais;
b) an líonra/na líonraí WiFi4EU a athchumrú chun iad a nascadh leis an gcóras daingnithe fíordheimhniúcháin agus faireacháin i gcomhréir iomlán leis na ceanglais a leagtar amach i bPointe 6.2.1[11].

(2) tuilleadh forbartha a chur ar an nascacht leathanbhanda ardluais sa chaoi is go bhféadfar seirbhís ardchaighdeáin idirlín d'úsáideoirí a chur ar fáil:

a) atá saor in aisce agus gan aon coinníollacha idirdhealaitheacha ag dul léi, atá inrochtana slán, a n-úsáidtear an trealamh is nua agus is fearr lena haghaidh ionas gur féidir an nascacht ardluais a chur ar fáil do lucht a húsáidte;
b) a thacaíonn le rochtain ar sheirbhísí digiteacha nuálacha, an cineál a bhíonn á dtairiscint trí bhonneagair seirbhísí digiteacha;
c) ar mhaithe le hinrochtaineacht, seirbhísí i dteangacha an Bhallstáit lena mbaineann ar a laghad agus, chomh fada agus is féidir, i dteangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais Eorpaigh;
d) sna hionaid ina mbíonn an saol poiblí áitiúil, lena n-áirítear spásanna lasmuigh a bhíonn ann don phobal i gcoitinne i saol poiblí na bpobal áitiúil.

(3) úsáid a bhaint as an sainaitheantas coiteann físe a chuirfidh an Coimisiún ar fáil *(féach roinn 11 thíos);*

(4) gealltanas a thabhairt an trealamh riachtanach, maille leis na seirbhísí suiteála a théann leis, a aimsiú (nó nós imeachta eile dá leithéid), áit ar gá sin de réir an dlí

[10] Tá an comhaontú deontais samplach le fáil ar leathanach gréasáin an ghlao: https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-telecom/wifi4eu
[11] Meastar go gcuirfear an córas slán fíordheimhniúcháin agus faireacháin ag obair as seo go ceann trí bliana.

is infheidhme, agus na pointí rochtana Wi-Fi a shuiteáil i gceantair nach bhfuil nascacht Wi-Fi den chineál sin á tairiscint saor in aisce iontu cheana féin.

Úsáidfear an dearbhán WiFi4EU le ceann ar bith de na gníomhaíochtaí seo a leanas a mhaoiniú:

a) Líonra Wi-Fi poiblí iomlán nua a shuiteáil
b) Uasghrádú a dhéanamh ar líonra Wi Fi poiblí atá ann cheana
c) Síneadh a chur leis an raon atá ag líonra Wi-Fi poiblí atá ann cheana.

6.2.1 Ceanglais maidir le líonra/líonraí WiFi4EU a chumrú agus a nascadh le córas faireacháin an Choimisiúin Eorpaigh

Faoi réir an ceathrú mír thíos, áiritheoidh an tairbhí nach ndéanfaidh pointí rochtana arna maoiniú le dearbhán WiFi4EU ach SSID WiFi4EU a chraoladh agus go mbeidh feidhm iomlán ag na hoibleagáidí atá leagtha amach i bPointe 6.2.4.

Áiritheoidh an tairbhí gur líonra oscailte a bheidh sa líonra WiFi4EU ag a bhfuil SSID WiFi4EU sa chaoi agus nach dteastóidh aon chineál faisnéise fíordheimhniúcháin (pasfhocal mar shampla) le nascadh leis. A luaithe a nascfaidh an t-úsáideoir leis an líonra sin, áiritheoidh an tairbhí go mbeidh tairseach deimhniúcháin HTTPS le feiceáil ar an líonra WiFi4EU ag a bhfuil SSID WiFi4EU sula gceadófar don úsáideoir nascadh leis an idirlíon.

Mura gceanglaítear a mhalairt leis an reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais, ní bheidh aon chlárú nó fíordheimhniúchán sa tairseach dheimhniúcháin ag teastáil don nasc leis an idirlíon tríd an SSID WiFi4EU agus déanfar é a chur i gcrích trí bhíthin cnaipe "nasc aon chlic".

Féadfaidh an tairbhí SSID breise a chraoladh le haghaidh naisc atá daingnithe mar is cuí dá dtagraítear i bPointe 6.2.1.2 ó thús Chéim I agus faoina fhreagracht féin. Féadfaidh an tairbhí SSID breise a chraoladh ar choinníoll go mbeidh sé teoranta d'úsáid inmheánach an tairbhí agus nach ndéanfaidh sé difear míchuí don tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal. Sa dá chás sin, déanfaidh an tairbhí idirdhealú cuí idir na SSIDanna sin agus SSID oscailte WiFi4EU agus áiritheoidh sé go mbeidh feidhm iomlán ag na hoibleagáidí a leagtar síos i bPointe 6.2.3 agus Pointe 6.2.4.

I gcás pointí rochtana nach maoinítear leis an dearbhán WiFi4EU, féadfaidh an tairbhí SSID WiFi4EU a chraoladh freisin (mar an t-aon SSID amháin nó in éineacht le SSID áitiúil atá ann cheana). Áiritheoidh an tairbhí go mbeidh, i gcás úsáideoirí deiridh a nascann le SSID WiFi4EU, ar a laghad, feidhm iomlán ag na hoibleagáidí atá leagtha síos i bPointe 6.2.3 agus Pointe 6.2.4, agus i bPointe 6.2.1 atá ann faoi láthair.

Is le cur chuige dhá chéim a chuirfear an nasc le córas faireacháin an Choimisiúin Eorpaigh chun feidhme.

6.2.1.1 Céim I

Clárú, fíordheimhniúchán agus údarú na n-úsáideoirí, sin freagracht atá ar gach tairbhí, mar aon le cuntas a choinneáil ar na húsáideoirí i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus leis an dlí náisiúnta.

Áiritheoidh an tairbhí go ndéanfar de réir na gceanglas seo a leanas maidir leis an tairseach dheimhniúcháin in SSID WiFi4EU:

a) An líonra WiFi4EU ag a bhfuil SSID WiFi4EU, is tairseach dheimhniúcháin HTTPS a úsáidfear don chomhéadan úsáideoirí ann.

   Sa tairseach dheimhniúcháin, leagfar síos tréimhse chun úsáideoirí a bhí nasctha léi cheana a aithint go huathoibríoch ionas nach dtaispeánfar an tairseach dheimhniúcháin arís nuair a dhéanfar athcheangal. Athshocrófar an tréimhse sin go huathoibríoch gach lá ar 00:00, sin nó ar a laghad ar bith í a shocrú le haghaidh tréimhse nach mó ná 12 uair an chloig.

b) An t-ainm fearainn a luafar leis an tairseach dheimhniúcháin HTTPS, is rud clasaiceach a bheidh ann (neamh-IDN), litreacha a bheith ann ó a go z, digití ó 0 go 9, fleiscín (-).

c) Amharc-aithne: beidh amharc-aithne WiFi4EU ina chuid den tairseach dheimhniúcháin.

d) Beidh blogh chóid rianaithe i gcorp na tairsí deimhniúcháin ionas go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht cianfhaireachán a dhéanamh ar an líonra WiFi4EU.

   Tá treoirlíne maidir le suiteáil an bhlogha cóid ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-telecom/wifi4eu. Ní bhaileoidh an bhlogh chóid sonraí pearsanta ar bith. Is é feidhm a bheidh aici líon na n-úsáideoirí a dhéanann ceangal le líonra WiFi4EU a chomhaireamh, amharc-aithne WiFi4EU a lódáil, agus ceart-taispeáint na hamharc-aithne sin a dheimhniú.

e) Beidh sa tairseach dheimhniúcháin séanadh lena gcuirfear in iúl go soiléir do na húsáideoirí gur líonra poiblí oscailte atá in WiFi4EU. Tabharfar le fios sa séanadh freisin na moltaí réamhchúramacha a thugtar de ghnáth nuair a dhéantar rochtain ar an idirlíon trí na cineálacha sin líonraí.

Tá an tairbhí i dteideal líonraí WiFi4EU ar leith a chur ar bun le maoiniú ó aon dearbhán amháin, ach ainm ar leith a bheith ar gach fearann agus ar gach tairseach dheimhniúcháin díobh. An oibleagáid atá ann de bhun Airteagal 9 den chomhaontú deontais leis an líonra WiFi4EU a choinneáil ar siúl go ceann trí bliana i ndiaidh don Ghníomhaireacht é a fhíorú, is oibleagáid é atá le cur i bhfeidhm ar na líonraí WiFi4EU ar fad a mhaoinítear leis an aon dearbhán.

Is í Céim I a bheidh i bhfeidhm go dtí go bhfaighidh an tairbhí fógra go bhfuil Céim II curtha i ngníomh. Tar éis don tairbhí fógra a fháil, beidh sé de dhualgas air de bhun Airteagal 9 den Chomhaontú Deontais cumraíocht an líonra a choigeartú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bPointe 6.2.1 de réir na sonraí breise a leagtar amach san fhógra, laistigh den chreat ama a bheidh luaite san fhógra sin.

6.2.1.2 Céim II

Tráth is faide anonn, cuirfear córas slán fíordheimhniúcháin agus faireacháin ar bun ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus is féidir go n-athróidh sin ina ailtireacht chónasctha.

De bhun Airteagal 9 den chomhaontú deontais, a luaithe agus a bheidh an córas fíordheimhniúcháin agus faireacháin ag obair, déanfaidh an tairbhí athchumrú ar a líonra/líonraí WiFi4EU chun iad a nascadh leis an gcóras sin. San athchumraíocht sin, cuimseofar SSID WiFi4EU oscailte a choinneáil ar bun leis an tairseach dheimhniúcháin, SSID WiFi4EU a chur leis le haghaidh naisc atá daingnithe go cuí (bíodh sin tríd an

gcóras daingnithe áitiúil atá aige cheana a athrú chuig an gcomhchóras nó go simplí tríd an gcomhchóras a chur leis mar thríú SSID) agus a áirithiú go bhfuil an córas in ann faireachán a dhéanamh ar na líonraí WiFi4EU ar leibhéal an phointe rochtana.

Is ar an tairbhí, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, a bheidh an fhreagracht a bhaineann le clárú agus deimhniú úsáideoirí maidir le SSID WiFi4EU oscailte agus maidir leis an SSID áitiúil le haghaidh naisc dhaingnithe i gcás ina bhfuil sé ann, agus an fhreagracht a bhaineann le húdarú úsáideoirí maidir le gach SSID agus cuntas a choinneáil ar na húsáideoirí sin.

6.2.2 Na ceanglais theicniúla do threalamh Wi-Fi an líonra/na líonraí WiFi4EU:

Suiteálfaidh an tairbhí Pointí Rochtana a mbeidh a líon de réir an ruda is luach dóibh ar an margadh. I gcás ar bith, suiteálfar ar a laghad an líon seo a leanas díobh, de réir mar a chuirfear Pointí Rochtana faoi dhíon agus amuigh faoin aer i bpáirt le chéile:

An t-íoslíon Pointí Rochtana lasmuigh	An t-íoslíon Pointí Rochtana faoi dhíon
10	0
9	2
8	3
7	5
6	6
5	8
4	9
3	11
2	12
1	14
0	15

Áiritheoidh an tairbhí na nithe seo a leanas a chinntiú i gcás **gach Pointe Rochtana**:

- Tacaíocht a bheith ann d'úsáid an débhanda (2,4Ghz – 5Ghz) i gcomhthráth
- Timthriall tacaíochta is faide ná 5 bliana a bheith leis
- Meántréimhse idir teipeanna (MTBF) 5 bliana ar a laghad
- Pointe aonair lárnach tiomnaithe bainistíochta a bheith leis le haghaidh gach Pointe Rochtana de gach líonra WiFi4EU
- Tacaíocht do IEEE 802.1x a bheith leis
- É a bheith in oiriúint do IEEE 802.11ac Wave I
- Tacaíocht do IEEE 802.11r a bheith leis
- Tacaíocht do IEEE 802.11k a bheith leis
- Tacaíocht do IEEE 802.11v a bheith leis
- É a bheith in ann ar a laghad 50 úsáideoir san am a láimhseáil gan aon ísliú feidhmíochta

- Ar a laghad 2x2 teirminéal il-ionchuir il-aschuir (MIMO) a bheith ann
- É a bheith in oiriúint do Hotspot 2.0 (clár deimhniúcháin Passpoint ó Wi-Fi Alliance).

6.2.3 Ceanglais maidir le feabhas na seirbhíse

Ionas gur féidir a áirithiú go bhfuil an líonra WiFi4EU dár tugadh maoiniú in acmhainn rud den chéad scoth a chur ar a thaithí don úsáideoir, gheobhaidh an tairbhí síntiús le tairiscint atá ar choibhéis leis an nasc idirlín is mó dá bhfuil ar fáil ar an margadh mór sa limistéar, agus ar a laghad ar bith le nasc a bhfuil luas íoslódála nach lú ná 30 Mbps ag dul leis. Áiritheoidh an tairbhí chomh maith nach lú an luas aisiompair sin ná an luas – más ann dá leithéid – a bhíonn in úsáid ag an tairbhí le haghaidh na riachtanas nascachta inmheánach atá aige.

6.2.4 Oibleagáidí maidir le táillí, fógraíocht agus úsáid sonraí

1. Áiritheoidh an tairbhí nach mbeidh táille le híoc ag an úsáideoir deiridh ar rochtain ar an líonra WiFi4EU, is é sin go soláthrófar é gan íocaíocht, is cuma íocaíocht dhíreach nó cineálacha eile íocaíochta, agus, go háirithe, gan aon fhógraíocht tráchtála a bheith ann, agus gan sonraí pearsanta a athúsáid chun críche tráchtála.

2. Áiritheoidh an tairbhí nach mbeidh idirdhealú ach oiread sa soláthar rochtana ag oibreoirí líonraí cumarsáide leictreonaí ar úsáideoirí deiridh iad, i.e. gan dochar do na srianta a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, nó faoin dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais, agus áiritheoidh sé go háirithe cothrom acmhainne idir úsáideoirí ag buaic-uaireanta, de réir mar is féidir feidhmiú líofa an líonra a chinntiú mar is gá.

3. Is féidir próiseáil a dhéanamh go rialta chun críoch staidrimh agus anailíse leis na líonraí a chur chun cinn, le faireachán a dhéanamh orthu, nó le feabhas a chur ar an bhfeidhmiú. Chun na críche sin, sonraí pearsanta ar bith atá á stóráil nó á bpróiseáil, ainaithnideofar iad i gcomhréir leis an sainráiteas príobháideachta cuí (SSPS).

6.3 Na critéir eisiaimh

Déanfar iarratasóir a eisiamh ó bheith rannpháirteach i nós imeachta an ghlao ar iarratais má tá sé in aon cheann de na cásanna atá leagtha amach in Airteagal 136 den Rialachán Airgeadais.[12] Chun na críche sin, iarrfar ar an iarratasóir dearbhú faoi mhóid a shíniú ar an Tairseach WiFi4EU. Beidh nasc freisin ar an Tairseach le liosta na staideanna eisiaimh atá leagtha amach in Airteagal 136 den Rialachán Airgeadais.

7. PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN[13]

Dáilfear na dearbháin ar na hiarrthóirí ar bhonn "tús freastail ar an té is túisce"; is é stampa ama an iarratais rathúil ar Thairseach WiFi4EU á úsáidfear chun sin a chinneadh. Déanfar an stampa ama a chinneadh a luaithe agus a gheobhaidh an freastalaí lárnach an t-iarratas bunaithe ar chlog an fhreastalaí lárnaigh in Am (Samhraidh) Lár na hEorpa (CEST) (Am na Bruiséile). Ina theannta sin, ionas go mbeidh cothromaíocht gheografach

[12] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1)

[13] Féach iarscríbhinn 4 den Chlár Oibre leasaithe do 2017

sa dáileadh a dhéanfar ar an maoiniú, is iad na critéir seo a leanas a úsáidfear i roghnú na n-iarratas:

1. 15 dhearbhán ar a laghad do gach Ballstát agus tír LEE (an Íoslainn agus an Iorua) a dháilfear sa ghlao seo ar iarratais, ach a bhfaighfear dóthain iarratas ó na tíortha sin.

2. Líon iomlán na ndearbhán a dhámhfar ar Bhallstát nó ar thír LEE (an Íoslainn agus an Iorua), ní ceart go rachaidís thar 8% den bhuiséad a dheonófar don ghlao.

Bunófar liosta ionadaithe ina mbeidh líon teoranta iarratas do gach tír incháilithe. Má bhíonn an buiséad ar fáil, is féidir iarratais a roghnú ón liosta ionadaithe. Chun na críche sin, is iad na critéir thuasluaite a chuirfear i bhfeidhm le rogha a dhéanamh ón liosta ionadaithe. Ní bheidh an liosta ionadaithe bailí ach le haghaidh an ghlao seo amháin, agus cuirfear ar a súile do na hionadaithe ar an liosta cén dáta ar a mbeidh deireadh le bailíocht an liosta ionadaithe.

8. COMHLÍONADH DHLÍ AN AONTAIS EORPAIGH

I gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán CEF, ní mhaoineofar ach gníomhaíochtaí atá i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh.

9. FORÁLACHA AIRGEADAIS

9.1 Prionsabail ghinearálta

9.1/1 Foinsí maoinithe eile

De bhun Airteagal 191 den Rialachán Airgeadais, ní féidir ach aon deontas amháin as buiséad an Aontais Eorpaigh a bhronnadh ar ghníomhaíocht. Ní féidir na costais chéanna a mhaoiniú faoi dhó le buiséad an Aontais Eorpaigh i gcás ar bith.

9.1/2 Neamh-aisghníomhaíocht

De bhun Airteagal 193 den Rialachán Airgeadais, ní féidir deontas ar bith a dhámhachtain go haisghníomhach ar ghníomhaíochtaí a bheidh curtha i gcrích faoin dáta a thiocfaidh an comhaontú deontais i bhfeidhm.

9.2 Foirm an mhaoinithe

9.2/1 Foirm an deontais

Na deontais a bheidh le dámhachtain de bharr an ghlao seo ar iarratais, is ina gcnapshuim €15,000 do gach tairbhí a íocfar iad.

9.2.2 An fad a mhairfidh an ghníomhaíocht

An dáta is tús don ghníomhaíocht, is ionann é agus an dáta a thiocfaidh an comhaontú deontais i bhfeidhm, agus ní mhairfidh sé ach tréimhse nach faide ná 18 mí ar a fhad.

9.3 Na socruithe íocaíochta

De réir na gcoinníollacha atá sa Chomhaontú Deontais, nuair a dheimhneofar go bhfuil an tsuiteáil curtha ag obair i gcomhréir leis an gComhaontú Deontais, is ansin a íocfar an dearbhán leis an gcuideachta suiteála Wi-Fi. Déanfar an íocaíocht a luaithe agus is féidir laistigh de thréimhse nach faide ná 60 lá, agus is i gcuntas bainc inar chláraigh an chuideachta suiteála Wi-Fi a sonraí sa Tairseach WiFi4EU a chuirfear an t-airgead. Féach go gcaithfidh an chuideachta suiteála Wi-Fi ráiteas bainc bailí inléite a uaslódáil, nó doiciméad eile dá shórt.

Mura ndéanfaidh an tairbhí ceachtar den dá ní seo a leanas:

a) an tsuiteáil Wi-Fi a choinneáil ar siúl ar feadh tréimhse trí bliana de réir an dualgais atá air;
b) an líonra/na líonraí WiFi4EU a athchumrú chun iad a nascadh leis an gcóras daingnithe fíordheimhniúcháin agus faireacháin i gcomhréir iomlán leis na ceanglais a leagtar amach i bPointe 6.2.1.

is féidir go n-aisghabhfar an chnapshuim ón tairbhí.

Ní chuirfidh an Ghníomhaireacht a ladar sa chaidreamh conarthach idir an tairbhí agus an chuideachta suiteála Wi-Fi.

10. COMHAONTÚ DEONTAIS

An bardas a mbeidh rath ar a iarratas, iarrfaidh INEA air Comhaontú Deontais a shíniú arb é an euro an t-airgead a luaitear ann agus a mbeidh mionsonraí na gcoinníollacha maoiniúcháin ann. Ní ceadmhach athrú ar bith a iarraidh ar an gComhaontú Deontais atá ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh[14].

Is é an t-ionadaí dlíthiúil (an méara/an ceann bardais) a shíneoidh an Comhaontú Deontais. Sa chás gur mian leis an ionadaí dlíthiúil duine eile a cheapadh lena shíneadh, ní mór na doiciméid seo a leanas a uaslódáil ar an Tairseach WiFi4EU, agus sin a dhéanamh roimh shíniú an Chomhaontaithe Deontais ar a dhéanaí:

1. Foirm an duine údaraithe[15]
2. Cárta aitheantais/pas an duine údaraithe

Tabhair do d'aire nach bhféadfaidh an sínitheoir údaraithe an Comhaontú Deontais a shíniú gan a EU Login[16] féin a úsáid.

11. POIBLÍOCHT

[14] Tá an Comhaontú Deontais samplach ar fáil ar leathanach gréasáin an ghlao: https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-telecom/wifi4eu
[15] Tá an fhoirm sin ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-telecom/wifi4eu
[16] Féach fonóta 5 thuas maidir le conas cuntas EU Login a chruthú.

Is anseo atá teacht ar na rialacha a bhaineann leis an sainaitheantas físe ar gá do na tairbhithe cloí leis i gcás an tionscnaimh WiFi4EU: https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/policies/wifi4eu-free-wi-fi-europeans.

12. FAISNÉIS DO NA HIARRATASÓIRÍ AGUS AN NÓS IMEACHTA LE HIARRATAS A CHUR ISTEACH

12.1 Faisnéis do na hiarratasóirí

Is ar an leathanach WiFi4EU ar shuíomh gréasáin INEA atá gach faisnéis phraiticiúil faoin nglao seo ar iarratais (.i.e. an Comhaontú Deontais samplach, Clár Oibre Leasaithe Teileachumarsáide CEF 2017, Clár Oibre 2018, an reachtaíocht ábhartha): https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-telecom/wifi4eu.

Moltar do na hiarratasóirí an suíomh gréasáin seo a cheadú go rialta, agus ar an sruth eolais atá ag INEA ar Twitter (@inea_eu), go dtí an sprioc-am le hiarratais a chur isteach.

Is ar Dheasc Chabhrach an ghlao is ceart glaoch i gcás ceist ar bith a bhaineann leis an nglao, agus tá teacht ar an Deasc Chabhrach sin trí Thairseach WiFi4EU.[17] Tiocfaidh freagra ón Deasc Chabhrach díreach chuig an seoladh ríomhphoist ónar seoladh an cheist.

Freagraí atá bunaithe ar na ceisteanna is minice a chuirtear, tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an Mhargaidh Aonair Dhigitigh[18], agus tá teacht air freisin trí leathanach gréasáin an ghlao.

12.2 Conas iarratas a chur isteach

Ní féidir iarratas a chur isteach ach go leictreonach nuair atá na doiciméid riachtanacha uaslódáilte ar Thairseach WiFi4EU trí bhíthin an chuntais EU Login a úsáideadh leis an mbardas a chlárú sa Tairseach. Ina theannta sin, ní mór iarratais a chur isteach tar éis an dáta d'oscailt na nglaonna: **an 7/11/2018 ar 13:00:00 CET (am na Bruiséile)** agus roimh an sprioc-am do ghlaonna: **an 9/11/2018 ar 17:00:00.00 CET (am na Bruiséile).** Glacfar le hiarratais i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

Féadfaidh an t-iarratasóir an cnaipe a chliceáil am ar bith chun an t-iarratas a chur isteach. Aon iarracht a dhéanfar iarratas a chur isteach roimh oscailt fhoirmiúil na nglaonna ar iarratais de réir chlog an fhreastalaí lárnaigh, áfach, cuirfear ar ceal go huathoibríoch í. Cuirfear é sin in iúl don iarratasóir láithreach agus beidh cead aige iarracht eile a dhéanamh ar ball. Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas a thúisce a chuirfear an t-iarratas isteach i gceart tar éis oscailt na nglaonna.

Féach freisin roinn 6 thuas maidir leis na doiciméid tacaíochta is éigean a chur ar fáil.

Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas in am trátha faoin toradh a bhí ar an bpróiseas roghnúcháin.

---

[17] Féach www.wifi4eu.eu
[18] Féach https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/policies/wifi4eu-free-wi-fi-europeans

13. PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA

An freagra a thugtar ar ghlao ar bith ar iarratais, bíonn taifeadadh agus próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis (ainm agus seoladh mar shampla) tríd an Tairseach WiFi4EU. Is de bhun na reachtaíochta is infheidhme a dhéanfar sonraí den chineál sin a phróiseáil.

Ach amháin má thugtar a mhalairt le fios, sonraí pearsanta ar bith a iarrtar, ní phróiseálfar iad ach chun críche dhámhachtain na ndearbhán i gcomhréir leis na glaonna ar iarratais, agus i gcás na n-iarratas a n-éireoidh leo, ní phróiseálfar na sonraí pearsanta iontu ach ar mhaithe le bainistíocht deontais. Sonraí pearsanta atá mar chuid den iarratas (ainm, sloinne, seoladh ríomhphoist, post an ábhair sonraí san eagraíocht, cártaí aitheantais/pas), is laistigh de na srianta a leagtar amach i Rialachán 45/2001[19] a phróiseálfar iad, agus ar an mbonn gur rud riachtanach atá i bhfios an eolais sin.

Is iad AS CONNECT agus INEA, go comhpháirteach, na rialaitheoirí sonraí.

Na mionsonraí a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta atá ag iarratasóir, tá teacht orthu sa ráiteas príobháideachta atá ar leathanach baile Thairseach WiFi4EU.

Má tharlaíonn don tairbhí a bheith i gcás a luaitear in Airteagal 136(1) agus Airteagal 141 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 2018/1046[20], is féidir go gclárófaí sonraí pearsanta an iarratasóra (e.g. ainm, seoladh, foirm dhlíthiúil agus ainm na ndaoine a bhfuil cumhacht ionadaíochta acu) sa Chóras Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) a chuir an Coimisiún ar bun.

Féach an nasc seo a leanas más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin EDES (na cúiseanna a gcuirtear ainm duine sa bhunachar seo i measc rudaí eile):
http://ec.europa.eu/budget/explained/management/protecting/protect_en.cfm

Féach freisin an ráiteas príobháideachta anseo:
http://ec.europa.eu/budget/library/explained/management/protecting/privacy_statement_edes_en.pdf

Tugadh na hiarratasóirí an méid seo a leanas dá n-aire: le cinntiú go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint, is féidir go gcuirfí a gcuid sonraí pearsanta in iúl do na seirbhísí iniúchta inmheánaigh, don Choimisiún Eorpach, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, don chomhlacht a bhfuil sainchúram na neamhrialtachtaí airgeadais air (an Painéal um Neamhrialtachtaí Airgeadais), nó don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

[19] Féach https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32001R0045
[20] Féach https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?qid=1533027354880&uri=CELEX:32018R1046